# Foirm TTLC1

**Ba chóir do chustaiméirí ROS clárú don Tobhach ar Tháirgí Lochtacha Coincréite trí ROS. Is do chustaiméirí mochúrsaí amháin an fhoirm seo.**

## TUAIRISCEÁN TOBHACH AR THÁIRGÍ LOCHTACHA COINCRÉITE (TTLC)

Ainm Iomlán

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)

Tréimhse Chuntasaíochta (Féach Nóta 1) Ón L L M M B B B B Go dtí L L M M B B B B

An Tuairisceán Leasaithe é seo don Tréimhse Chuntasaíochta seo? Is mian ☐ Ní mian ☐

(a) Luach margaidh oscailte iomlán na dTáirgí Coincréite a Sholáthraítear sa Tréimhse faoi réir TTLC (Féach Nóta 2) €

(b) TTLC Iníoctha (Féach Nóta 3) €

(c) Iomlán na Luachanna Margaidh Oscailte, ar na Dátaí Soláthair, de Sholáthairtí Coincréite Réidh le Doirt a rinneadh sa Tréimhse lena raibh Dearbhú déanta ina leith faoi alt 531AAJA (Féach Nóta 4) €

(d) An Líon Daoine Sonraithe a rinne Dearbhú faoi alt 531AAJA sa Tréimhse maidir le Coincréit Réidh le Doirt (Féach Nóta 5)

## DEARBHÚ

Dearbhaím, feadh m'eolais agus mo thuairime, go bhfuil, san fhoirm seo, tuairisceán ceart agus comhlán de réir fhorálacha Chuid 18E den Achta Comhdhlúite Cánacha 1997, maidir le

(a) suim na luachanna margaidh oscailte, ar dhátaí soláthair, na dtáirgí coincréite a soláthraíodh le linn na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann an fhoirm seo, agus

(b) an TTLC atá dlite don tréimhse chuntasaíochta sin.

Dearbhaím gurb é an dliteanas mo fhéinmheasúnú ar an Tobhach um Tháirgí Lochtacha Coincréite don tréimhse chuntasaíochta lena mbaineann an fhoirm seo.

Trí tic a chur sa bhosca seo, dearbhaím go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil san fhoirm seo fíor agus cruinn ☐

Síniú

Dáta L L M M B B B B

**Tuairisceáin a Thíolacadh agus Íocaíochtaí a Dhéanamh le haghaidh TTLC do Chustaiméirí nach Custaiméirí ROS iad**

Féadann daoine aonair nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS tuairisceáin DCPL1 ar líne a dhéanamh trí **M'Fhiosruithe**, atá ar fáil ar mo**chúrsaí**, trí chóip scanta den Fhoirm DCPL1 sínithe agus comhlánaithe a thíolacadh. Féadtar íocaíochtaí TTLC do sholáthraithe nach bhfuil cláraithe le haghaidh ROS a dhéanamh trí mo**chúrsaí**. Tá tuilleadh eolais ar an gcaoi le híocaíocht ar líne a dhéanamh le fáil sa rannán ar threoir mo**chúrsaí** ag **https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/help-guides/myaccount/payments.aspx**

Áis ar líne é M'Fhiosruithe a ligeann do chustaiméirí comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim a sheoladh agus a fháil go slán seachas ríomhphost neamhshlán a úsáid. Tá tuilleadh eolais faoi M'Fhiosruithe le feiceáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar **https://www.revenue.ie/ga/online-services/ services/manage-your-record/myenquiries.aspx**

**Tabhair do d'aire, maidir le sonraí pearsanta agus íogaire ar bith a sheoltar mar ghnáth-théacs trí ríomhphost caighdeánach, nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim ráthaíocht a thabhairt go bhfuil siad go hiomlán slán. Má roghnaíonn custaiméirí áirithe an bealach seo a úsáid, meastar go nglacann siad le riosca ar bith atá i gceist.**

**TABHAIR DO D'AIRE**

Gearrtar muirear úis ar íocaíochtaí déanacha an TTLC, mar a fhoráiltear faoi Alt 531AAM den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Moltar do cháiníocóirí a ndóthain ama a chur ar leataobh – trí lá ar a laghad – le go mbainfidh a n-íocaíocht Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim amach faoin dáta dlite.

Má loictear an TTLC a íoc, nó é a íoc in am, féadfaidh sé go ndéanfar bailiú forfheidhmiúcháin tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe faoi Alt 1002 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

## Nótaí treorach chun an fhoirm seo a chomhlánú

**Nóta 1:** Is í an Tréimhse Chuntasaíochta tosaigh don TTLC ná ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. Ina dhiaidh sin, is tréimhse sé mhí lena mbeidh feidhm, an chéad tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2024.

**Nóta 2:** Is é seo luach margaidh oscailte iomlán, tráth an tsoláthair, de na táirgí seo a leanas a bhfuil feidhm ag an TTLC leo:

a. Aonaid chomhiomlán saoirseachta choincréite (Comhiomláin dlúth agus éadroma) mar a shonraítear i gCaighdeáin Eorpacha EN 771-3:2011+A1:2015[1]

b. Aonaid saoirseachta coincréit aeraithe uathchlábhaithe mar a shonraítear i gCaighdeáin Eorpacha EN 771-4:2011+A1:2015[1]

c. Coincréit réidh le doirt

1. Sceideal 36, Cineálacha agus Caighdeáin de Tháirgí Coincréite chun Críocha Chuid 18E, den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997

**Nóta 3:** Is é méid an TTLC a mhuirearófar maidir leis an gcéad soláthar de tháirge / de tháirgí coincréite faoi dhliteanas ná 5% de luach marghaidh oscailte an táirge / na dtáirgí coincréite faoi dhliteanas ar dháta an tsoláthair.

**Nóta 4:** Is é seo an luach margaidh oscailte iomlán, tráth an tsoláthair, de sholáthairtí coincréite réidh le doirt a rinneadh sa tréimhse a bhfuarthas dearbhuithe ina leith ó mhonaróirí táirgí coincréite réamhtheilgthe agus nár gearradh TTLC.

**Nóta 5:** Is é seo líon na monaróirí táirgí coincréite réamhtheilgthe aonair a sholáthair dearbhuithe go raibh na soláthairtí coincréite réidh le doirt a rinneadh dóibh le húsáid i monarú táirgí coincréite réamhtheilgthe.

**Nóta 6:** Ní mór gach taifead i ndáil leis an tuairisceán seo a choinneáil ar feadh 6 bliana. Féadtar iad a choinneáil i bhfoirm leictreonach, ar an gcoinníoll go bhféadtar iad a chur ar fáil i bhfoirm phriontáilte nuair a iarrtar iad.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs